Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**14721/21**

**ENER 547**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt chomhalta agus triúr malartach chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar beirt chomhalta agus triúr malartach chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh[1], agus go háirithe Airteagal 18 de,

[1] IO L 158, 14.6.2019, lch. 22.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 go bhfuil an Chomhairle chun cúigear comhaltaí agus a malartaigh a cheapadh chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Bord Riaracháin').

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh 2019/942, nach bhfuil comhalta den Bhord Riaracháin chun bheith ina chomhalta de Bhord Rialálaithe na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus go bhfuil comhaltaí an Bhoird Riaracháin chun gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leasa an Aontais ina iomláine.

(3) I bhfianaise téarma oifige beirt chomhalta agus triúr malartach den Bhord Riaracháin arna gceapadh ag an gComhairle a bheith ag dul in éag, ba cheart go ndéanfar ceapacháin nua chun a n-ionaida ghabháil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 28 Eanáir 2022:

– Václav BARTUŠKA, an tSeicia,

– Jurijs SPIRIDONOVS, an Laitvia.

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí mar mhalartaí chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 28 Eanáir 2022:

– Kristina ČELIĆ, An Chróit,

– Péter KADERJÁK, An Ungáir,

– Ksenia LUDWINIAK, An Pholainn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*